Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2024
(OR. en)

12344/24
PV CONS 42
SOC 581
EMPL 379
SAN 456
CONSOM 253

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)[1]

16 Iúil 2024

[1] I láthair chathaoirligh an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) faoi seach a mhéid a bhaineann leis na míreanna a thagann faoi 'gníomhaíochtaí neamhreachtacha' agus 'aon ghnó eile'.

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11975/24 + **COR 1 (es, fi, hr, lt, pt, ro, sk**).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

2. **Seimeastar Eorpach 2024: Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas** — 11630/24 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas, ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

a) **Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát** — 11632/1/24 REV 1, 11095/24, 11720/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an rannchuidiú maidir leis na gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta de na moltaí tírshonracha i ndáil le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha gach Ballstáit, mar a leagtar amach iad sna doiciméid tíre a liostaítear in 11720/24.

b) **Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2024 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2023: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta** — 11633/24 + ADD 1–3
*Formhuiniú*

D'fhormheas an Chomhairle an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an measúnú ar mholtaí tírshonracha do 2024 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2023 mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

3. **Cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta: tacú le (hath)lánpháirtiú sa mhargadh saothair** [2] 11572/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta: tacú le (hath)lánpháirtiú sa mhargadh saothair, ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

**Aon ghnó eile**

4. **Cosaint thapa pinsin a chinntiú do dhaoine a bhfuil a saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas feidhmithe acu** [2] 11952/24
*Faisnéis ón tSeicia, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic maidir le cosaint thapa pinsin a áirithiú do dhaoine a d’fheidhmigh a saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas. Chuir an Chróit, Lucsamburg agus an Phortaingéil in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad leis an tionscnamh seo.

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

---